

## Sonraí agus seans: Seans – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

### Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- coincheapa neamhfhoirmiúla na seansúlachta a fhorbairt tuilleadh trí chluichí a imirt agus eispéiris laethúla.
- páirt ghníomhach a ghlacadh i dtrialacha agus i dturgnaimh a bhaineann le seansúlacht ag baint úsáid as díse, boinn, cártaí agus rothaí.
- smaointe maidir le seansúlacht agus dóchúlacht a scrúdú ar scála uimhriúil lena n-áirítear fachtóirí, deachúla agus céatadán.
- iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a imríonn líon níos mó trialacha ar na torthaí.



- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar phlé le dul i dtaithí ar theanga na seansúlachta.
- imeachtaí laethúla a chur in ord ó thaobh a ndóchúlachta.
- torthaí trialacha agus turgnamh a bhaineann le seansúlacht agus dóchúlacht a thuar.
- cur síos a dhéanamh agus léiriú a thabhairt ar gach toradh féideartha maidir le turgnamh.
- teicneolaíocht dhigiteach a úsáid lena gcuid torthaí le linn trialacha agus turgnamh a bhaineann le seansúlacht a thaifeadadh agus a chur i láthair.



Cumarsáid a dhéanamh

Réasúnaíocht a dhéanamh

- a taithí féin ar an eolas a úsáid le measúnú a dhéanamh ar cé chomh dóchúil nó neamhdhóchúil atá imeacht.
- cur ina luí ar dhaoine eile cé chomh dóchúil nó neamhdhóchúil atá imeacht nó toradh ag baint úsáid as fianaise lena n-argóint a chosaint.
- trialacha agus turgnaimh a úsáid le déanamh amach má tá cluichí cothrom nó míchothrom bunaithe ar a gcuid torthaí féideartha.
- deiseanna a fháil machnamh a dhéanamh ar thorthaí féideartha iompraíochtaí contúirteacha agus machnamh a dhéanamh ag an am céanna ar conas cinntí maithe a dhéanamh.



- cuimhneamh ar na féidearthachtaí ar fad agus toradh imeachta nó cluiche a raibh an páiste páirteach ann le déanaí á thuar.
- úsáid a bhaint as an eolas atá acu ar sheansúlacht le cinntí a dhéanamh ar bhonn laethúil.
- trialacha agus turgnaimh le líon ard agus íseal trialacha araon a chur ar bun.
- úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach ar nós rothaí agus díslí idirghníomhacha le trialacha a bhfuil uimhreacha móra i gceist leo a chur ar bun.



Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach